

An Bhruiséil, 14 Iúil 2026
(OR. en)

11909/26
ADD 1

EF 209
ECOFIN 1019
DELECT 115

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 4777 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a mhéid a bhaineann le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith díorthach, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2194 a mhéid a bhaineann le horduithe pacáiste agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155 a mhéid a bhaineann le sonraí ionchuir agus aschuir na teilitéipe comhdhlúite maidir le díorthaigh thar an gcuntar, agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4777 annex.

Faoi iamh: C(2026) 4777 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2026
C(2026) 4777 final

ANNEXES 1 to 3

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann le

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a mhéid a bhaineann le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith díorthach, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2194 a mhéid a bhaineann le horduithe pacáiste agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155 a mhéid a bhaineann le sonraí ionchuir agus aschuir na teilitéipe comhdhlúite maidir le díorthaigh thar an gcuntar, agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Tháblaí 2 agus 3:

‘Tábla 2

Liosta mionsonraí chun críche trédhearcachta iarthrádála

Beidh na hainmneacha réimse (ceanntásca colúin) mar a fhoilsítear iad comhionann leis an aitheantóir réimse a sholáthraítear i dTábla 2

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid atá le líonadh mar a shonraítear i dTábla 1
1	Dáta agus am trádála	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Dáta agus am a forghníomhaíodh an t-idirbheart. Maidir le hidirbhearta a fhorghníomhaítear ar ionad trádála, beidh an leibhéal gráinneachta i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155 ón gCoimisiún ¹ . I gcás idirbhearta nár forghníomhaíodh ar ionad trádála, an dáta agus an t-am a chomhaontaigh na páirtithe inneachar na réimsí seo a leanas: cainníocht, praghas, airgeadraí mar a shonraítear i réimsí 31, 34	Margadh Rialáilte (RM) Saoráid Trádála Iltaobhach (MTF) Saoráid Trádála	{DATE_TIME_FORMAT}

¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear sonraí ionchuir agus aschuir teilitéipeanna comhdhlúite, sioncrónú clog gnó agus athdháileadh ioncaim ag an soláthraí teilitéipe comhdhlúite le haghaidh scaireanna agus ETFanna, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/574 ón gCoimisiún (IO L, 2025/1155, 3.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1155/oj).

			agus 44 de Thábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún², cód aitheantais na hionstraime, aicmiú na hionstraime agus cód na hionstraime foluití, i gcás inarb infheidhme. Maidir le hidirbhearta nár forghníomhaíodh ar ionad trádála, beidh an t-am a thuairiscítear chomh gráinneach leis an soicind is gaire ar a laghad. I gcás ina n-eascaíonn an t-idirbheart as ordú a tharchuir an gnólacht forghníomhaitheach thar ceann cliaint chuig tríú páirtí agus i gcás nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le tarchur a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590, dáta agus am an idirbhirt seachas am tarchurtha an ordaithe.	Eagraithe (OTF) Socrú Formheasta maidir le Foilsiú (APA)	
2	Cód aitheantais na hionstraime	Maidir le gach ionstraim airgeadais	An cód a úsáidtear chun an ionstraim airgeadais a shainaithint. Maidir le díorthaigh thar an gcuntar dá dtagraítear in Airteagal 8a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, sainaitheofar an ionstraim i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1003 ón gCoimisiún³.	RM, MTF, OTF, APA	{ISIN} cé is moite de dhíorthaigh thar an gcuntar dá dtagraítear in Airteagal 8a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014

² Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála chun idirbhearta a thuairisciú d'údaráis inniúla (IO L 87, 31.3.2017, lgh. 449–478, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/590/oj).

³ Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1003 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraí tagartha sainaitheanta i dtaca le díorthaigh thar an gcuntar atá le húsáid chun críocha na gceanglas trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 8a(2) agus in Airteagail 10 agus 21 (IO L, 2025/1003, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1003/oj).

2a	Dáta éifeachtach	Le haghaidh díorthaigh ráta úis thar an gcuntar	An dáta a thiocfaidh na hoibleagáidí faoin gconradh díorthach ráta úis i bhfeidhm.	MTFanna, OTFanna, APAanna	{FORMÁIDDÁTA}
2b	Dáta éaga	Le haghaidh díorthaigh ráta úis thar an gcuntar	Dáta éaga an chonartha díorthach ráta úis.	MTFanna, OTFanna, APAanna	{FORMÁIDDÁTA}
3	Praghas	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Praghas trádáilte an idirbhirt cé is moite de choimisiún agus d'ús fabhraithe, i gcás inarb infheidhme. Tuairisceofar an praghas trádáilte i gcomhréir le coinbhinsiún caighdeánach an mhargaidh. An luach a sholáthraítear sa réimse seo, beidh sé comhsheasmhach leis an luach a sholáthraítear sa réimse 'Anótáil praghais'. I gcás nach bhfuil an praghas ar fáil faoi láthair ach go bhfuil sé ar feitheamh ('PNDG') nó nach infheidhme é ('NOAP'), ní chuirfear aon rud sa réimse seo.	RM, MTF, OTF, APA	{DECIMAL-18/13} i gcás ina sloinntear an praghas mar luach airgeadúil. {DECIMAL-11/10} i gcás ina léirítear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh {DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an praghas mar bhonnphointí
4	Praghas easnamh	Maidir le gach ionstraim airgeadais	I gcás nach bhfuil an praghas ar fáil faoi láthair ach go bhfuil sé ar feitheamh, is é 'PNDG' an luach a bheidh ann. I gcás nach bhfuil an praghas infheidhme, is é 'NOAP' an luach a bheidh ann.	RM, MTF, OTF, APA	'PNDG' i gcás nach bhfuil an praghas ar fáil 'NOAP' i gcás nach infheidhme an praghas

5	Airgeadra phraghais	Maidir le gach hionstraim airgeadais	Móirgeadra ina sloinntear an praghas (rud is infheidhme má shloinntear an praghas mar luach airgeadúil).	RM, MTF, OTF, APA	{CÓD AIRGEADRA_3}
6	Nodaireacht phraghais	Maidir le gach hionstraim airgeadais	Leid maidir le cé acu a léirítear an praghas mar luach airgeadúil, mar chéatadán, i mbonnphointí nó mar thoradh. Tuairisceofar an nodaireacht phraghais i gcomhréir le coinbhinsiún caighdeánach an mhargaidh. I gcás babhtálacha mainneachtana creidmheasa, ‘BAPO’ a chuirfear sa réimse seo. I gcás bannaí (seachas ETNanna agus ETCanna), céatadán (PERC) den mhéid barúlach a chuirfear sa réimse seo. I gcás nach é praghas i gcéatadán an coinbhinsiún caighdeánach sa mhargadh, YIEL, BAPO nó MONE a chuirfear sa réimse, i gcomhréir le coinbhinsiún caighdeánach an mhargaidh. An luach a sholáthraítear sa réimse seo, beidh sé comhsheasmhach leis an luach a sholáthraítear sa réimse ‘Praghas’. I gcás ina dtuairiscítear an praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar é san aonad móirgeadra. I gcás nach bhfuil an praghas ar fáil faoi láthair ach go bhfuil sé ar feitheamh (‘PNDG’) nó nach infheidhme é (‘NOAP’), ní chuirfear aon rud sa réimse seo.	RM, MTF, OTF, APA	‘MONE’ — Luach airgeadúil ‘PERC’ — Céatadán ‘YIEL’ — Toradh ‘BAPO’ — Bonnphointí
7	Cainníocht	Maidir le gach hionstraim	Maidir le hionstraimí airgeadais a thrádáiltear in aonaid, líon aonad na hionstraime airgeadais. Folamh i	RM, MTF, OTF, APA	{DECIMAL- 18/17}

		airgeadais	ngach cás eile.		
8	Cainníocht aonad tomhais	Maidir le conarthaí ainmnítear ndíorthaigh tráchtearraí, ndíorthaigh C10, ndíorthaigh lamháltas astaíochtaí agus lamháltais astaíochtaí.	Méid coibhéiseach an lamháltais tráchtearraí nó astaíochtaí a thrádáiltear arna shloinneadh in aonad tomhais.	RM, MTF, OTF, APA	{DECIMAL- 18/17}
9	Nodaireacht cainníochta aonad tomhais	Maidir le conarthaí ainmnítear ndíorthaigh tráchtearraí, ndíorthaigh C10, ndíorthaigh lamháltas astaíochtaí agus lamháltais astaíochtaí.	Leid maidir leis an nodaireacht ina sloinntear an chainníocht in aonad tomhais.	RM, MTF, OTF, APA	‘TOCD’ — tonaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin, maidir le haonchonradh a bhaineann le lamháltais astaíochtaí ‘TONE’ — tonaí méadracha ‘MWHO’ — meigeavatuairéanta ‘MBTU’ — milliún teas-aonad Briotanach ‘THMS’ Teirmeacha ‘LAETHANTA’— laethanta nó {ALPHANUM-4} a mhalairt
10	Méid barúlach	Maidir le gach ionstraim	Cuirfear sa réimse seo:	RM, MTF, OTF,	{DECIMAL-18/5}

		airgeadais	(i) maidir le bannaí (cé is moite de ETCanna agus ETNanna), an t-aghaidhluach, arb é atá ann an méid a aisíoctar leis an infheisteoir ar a bhfuascailt; (ii) maidir le ETCanna agus ETNanna agus díorthaigh urrúsaithe, an líon ionstraimí a mhalartaítear idir ceannaitheoirí agus díoltóirí arna iolrú faoi phraghas na hionstraime a mhalartaítear le haghaidh an idirbhirt shonraigh sin. Go coibhéiseach, an réimse praghais arna iolrú faoin réimse cainníochta; (iii) maidir le táirgí airgeadais struchtúrtha (SFPanna), an luach ainmniúil in aghaidh an aonaid arna iolrú faoin líon ionstraimí tráth an idirbhirt; (iv) maidir le babhtálacha mainneachtana creidmheasa, an méid barúlach ar a bhfaightear an chosaint nó ar a ndéantar í a dhiúscairt; (v) maidir le roghanna, roghtálacha, babhtálacha seachas iad sin dá dtagraítear in (iv), todhchaíochtaí agus conarthaí réamhcheaptha, méid barúlach an chonartha; (vi) maidir le lamháltais astaíochtaí, méid na suime a thagann as an gcainníocht ag an bpraghas ábhartha a shocraítear sa chonradh tráth an idirbhirt. Go coibhéiseach, an réimse praghais arna iolrú faoin gcainníocht san aonad tomhais; (vii) maidir le raongheallta, luach airgeadúil an	APA	
--	--	------------	--	-----	--

			ghill a chuirtear in aghaidh na gluaiseachta pointe san ionstraim fholuiteach airgeadais tráth an idirbhirt; (viii) maidir le conarthaí difríochta, an líon ionstraimí a mhalartaítear idir ceannaitheoirí agus díoltóirí arna iolrú faoi phraghas na hionstraime a mhalartaítear le haghaidh an idirbhirt shonraigh sin. Go coibhéiseach, an réimse praghais arna iolrú faoin réimse cainníochta.		
11	Airgeadra barúlach	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Móirairgeadra ina n-ainmnítear an méid barúlach. I gcás conradh díorthach airgeadraí eachtracha nó babhtáil trasairgeadra nó roghtáil inar babhtáil trasairgeadra nó conradh difríochta airgeadra nó conradh raonghill í an bhabhtáil fholuiteach, is é airgeadra barúlach chéim 1 a bheidh ann.	RM, MTF, OTF, APA	{CÓD AIRGEADRA_3}
12	[scriosta]				
13	Ionad an fhorghníomhaithe	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Sainaitheint an ionaid mar ar cuireadh an t-idirbheart i gcrích. Úsáid an MIC deighleoige le haghaidh idirbhearta a fhorghníomhaítear ar ionad trádála san Aontas. I gcás nach ann don MIC deighleoige, úsáid an MIC oibriúcháin. Úsáid ‘SINT’ le haghaidh ionstraimí airgeadais a ghlactar isteach sa trádáil nó a thrádáiltear ar ionad trádála, i gcás ina bhforghníomhaítear an t-idirbheart maidir leis an ionstraim airgeadais sin ar	RM, MTF, OTF, APA	{MIC} – ionaid trádála san Aontas nó ‘SINT’ — inmheánaitheoir córasach ‘XOFF’ — gach cás eile

			Inmheánaitheoir Córasach. Úsáid cód MIC ‘XOFF’ le haghaidh ionstraimí airgeadais a ghlactar isteach sa trádáil nó a thrádáiltear ar ionad trádála, i gcás nach bhforghníomhaítear an t-idirbheart maidir leis an ionstraim airgeadais sin ar ionad trádála san Aontas ná le hInmheánaitheoir Córasach. Más rud é go bhforghníomhaítear an t-idirbheart ar ardán trádála eagraithe lasmuigh den Aontas, sa bhreis ar ‘XOFF’, comhlánófar an réimse ‘Ionad trádála tríú tír an fhorghníomhaíthe’.		
14	Ionad trádála tríú tír an fhorghníomhaíthe	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Sainaitheint an ionaid trádála tríú tír inar forghníomhaíodh an t-idirbheart. Úsáid an MIC deighleoige. I gcás nach ann don MIC deighleoige, úsáid an MIC oibriúcháin. I gcás nach bhforghníomhaítear an t-idirbheart ar ionad trádála tríú tír, ní chuirfear aon rud sa réimse seo.	Socrú formheasta maidir le foilsiú (APA)	{MIC}
15	Dáta agus am foilsithe	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Dáta agus am a d’fhoilsigh ionad trádála nó APA an t-idirbheart. Maidir le hidirbhearta a fhorghníomhaítear ar ionad trádála, beidh an leibhéal gráinneachta i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155. Maidir le hidirbhearta nár forghníomhaíodh ar ionad trádála, beidh an t-am a thuairiscítear chomh gráinneach leis an soicind is gaire ar a laghad.	RM, MTF, OTF, APA	{DATE_TIME_FORMAT}
16	Ionad foilsithe	Maidir le gach ionstraim	An cód a úsáidtear chun an t-ionad trádála agus an APA a d’fhoilsigh an t-idirbheart a shainaithint.	RM, MTF, OTF, APA	{MIC}

		airgeadais			
17	Cód Aitheantais Idirbhirt	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Cód alfa-uimhriúil arna shannadh ag ionaid trádála (de bhun Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/580 ón gCoimisiún ⁴) agus APA Anna agus a úsáidtear in aon tagairt ina dhiaidh sin don trádáil shonrach.	RM, MTF, OTF, APA	{ALFA-UIMHRIÚIL-52}
18	[scriosta]				
19	Bratacha	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Comhlánófar réimse amháin nó níos mó leis na bratacha is infheidhme mar a thugtar tuairisc orthu i dTábla 3 d'Iarscríbhinn II. I gcás nach mbeidh feidhm ag aon cheann de na himthosca sonraithe, foilseofar an t-idirbheart gan bhratach. I gcás inar féidir níos mó ná bratach amháin a bheith ann agus a thuairisciú in aon réimse amháin, déanfar na bratacha a thuairisciú agus camóga eatarthu.	RM, MTF, OTF, APA	Mar a shonraítear i dTábla 3 d'Iarscríbhinn II
20	Córas Trádála	Maidir le gach ionstraim airgeadais	An cineál córais trádála ar a ndearnadh an t-idirbheart. I gcás ina gcuirtear 'SINT' nó 'XOFF' sa réimse 'Raon an fhorghníomhaithe', ní chuirfear aon rud sa réimse seo.	RM, MTF, OTF	'CLOB' - córas trádála leabhair orduithe teorann lárnaí. 'QDTS' - córais trádála atá bunaithe ar luachana, is é sin córas ina ndéantar idirbhearta a thabhairt chun críche ar bhonn luachana daingne a chuirtear ar

⁴ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/580 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le coinneáil ar bun sonraí ábhartha a bhaineann le horduithe in ionstraimí airgeadais (IO L 87, 31.3.2017, lgh. 193-211, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/580/oj).

					fáil do rannpháirtithe go leanúnach, ina gceanglaítear ar chruthaitheoirí margaidh luachana a choinneáil ar bun ar mhéid lena ndéantar riachtanais na gcomhaltaí agus na rannpháirtithe maidir le déileáil i méid tráchtála a chomhardú leis an riosca dá mbíonn an cruthaitheoir margaidh á nochtadh féin. ‘PATS’ - córais trádála atá bunaithe ar cheant tréimhsiúil. ‘RFQT’ - córais trádála chun luachan a iarraidh, is é sin córas trádála ina soláthraítear luachan nó luachana mar fhreagairt ar iarraidh ar luachan arna cur isteach ag comhalta amháin eile nó níos mó nó ag rannpháirtí amháin eile nó níos mó. Tá an luachan infhorghníomhaithe go heisiach ag an gcomhalta iarrthach nó ag an rannpháirtí iarrthach sa mhargadh. Féadfaidh an comhalta nó an rannpháirtí iarrthach idirbheart a thabhairt i gcrích ach glacadh leis an luachan nó leis na luachana a sholáthraítear dó ar a iarraidh sin.
--	--	--	--	--	--

					‘VOIC’ — córas trádála ó bhéal, a chiallaíonn córas trádála ina socraítear idirbhearta idir comhaltaí trí chaibidlíocht ó bhéal. ‘HYBR’ — córas trádála hibrídeach a chiallaíonn córas a thagann faoi dhá cheann nó níos mó de na cineálacha córas trádála dá dtagraítear thuas. ‘OTHR’ – Aon chóras trádála eile, a chiallaíonn aon chineál eile córais trádála nach gcumhdaítear thuas.
21	An líon idirbheart	I gcás ionstraimí fiachais cheannasaigh	Líonfar an réimse seo leis an líon idirbheart a fhorghníomhaítear nuair a cheanglaítear foilsíú iarchurtha mionsonraí roinnt idirbheart i bhfoirm chomhiomlánaithe faoi Airteagal 11(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.	RM, MTF, OTF, APA	{DECIMAL-18/17}

Tábla 3
Liosta bratach chun críche trédhearcachta iarthrádála

BRATACHA IARCHURTHA IARTHÁDÁLA LE hAGHAIDH BANNAÍ (SEACHAS ETCanna AGUS ETNanna) AGUS DÍORTHAIGH ÁIRITHE				
Bratach	Ainm	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Tuairisc	

MLF1	Bratach Leachtach Mheánach	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta i mbannaí a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta meánmhéide in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (a), den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta meánmhéide in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.
MIF2	Bratach Neamhleachtach Mheánach	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta i mbannaí a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta meánmhéide in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (b), den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta meánmhéide in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.
LLF3	Bratach Leachtach Mhór	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta i mbannaí a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta mórmhéide in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (c), den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh chreidmheasa a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta mórmhéide in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh ráta úis a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta mórmhéide/de mhéid an-mhór in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.
LIF4	Bratach Neamhleachtach Mhór	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta i mbannaí a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta mórmhéide in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (d), den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh chreidmheasa a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta mórmhéide in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le

			hAirteagal 8 den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh ráta úis a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta mórmhéide/de mhéid an-mhór in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo
VLF5	Bratach Leachtach An-Mhór	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta i mbannaí a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta de mhéid an-mhór in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (e), den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh chreidmheasa a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta de mhéid an-mhór in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.
VIF5	Bratach Neamhleachtach An-Mhór	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta i mbannaí a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta de mhéid an-mhór in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (e), den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh chreidmheasa a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta de mhéid an-mhór in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.

BRATACHA IARCHURTHA IARTHRADÁLA LE hAGHAIDH ETCanna, ETNanna, SFPanna, LAMHÁLTAIS ASTAÍOCHTAÍ AGUS DÍORTHAIGH ÁIRITHE			
Bratach	Ainm	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Tuairisc
DEFF	Iarchur le haghaidh ETCanna, ETNanna, SFPanna, lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh áirithe	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta in ETCanna, ETNanna, SFPanna agus lamháltais astaíochtaí, a thairbhíonn d'iarchur mar a shonraítear faoi Airteagal 8a(2) agus (3) den Rialachán seo.

			Idirbhearta i ndíorthaigh a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta nach bhfuil ach méid iarchurtha amháin ar fáil ina leith.
--	--	--	--

BRATACHA IARCHURTHA FORLÍONTACHA LE hAGHAIDH BANNAÍ CEANNASACHA				
Airteagal 11(3), pointe (a)	‘OMIS’	Bratach maidir le méid a fhágáil ar lár	RM, MTF, OTF, APA	Idirbheart a bhfoilsítear sonraí teoranta ina leith i gcomhréir le hAirteagal 11(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.
	‘FULO’	Bratach sonraí iomlána	RM, MTF, OTF, APA	Idirbheart ar foilsíodh mionsonraí teoranta ina leith roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 11(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.
Airteagal 11(3), pointe (b)	‘AGFW’	Bratach chomhiomlánaithe ceithre seachtaine	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta comhiomlánaithe a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 11(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.
	‘FULG’	Bratach sonraí iomlána	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta aonair a thairbhígh d'fhoilsiú comhiomlánaithe roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 11(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

BRATACHA EILE			
Bratach	Ainm	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Tuairisc
‘BENC’	Bratach idirbhirt tagarmhairc	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta a fhorghníomhaítear faoi threoir praghas a ríomhtar thar roinnt áisc ama de réir tagarmharc ar leith, amhail meánphraghas ualaithe de réir méid nó meánphraghas ualaithe de réir ama.
‘NPFT’	Bratach idirbhirt nach mbaineann le foirmiú praghsanna	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta nach mbaineann le foirmiú praghsanna mar a leagtar amach in Airteagal 2(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590.
‘TPAC’	Bratach idirbhirt pacáiste	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta pacáiste, nach malartú le haghaidh sócmhainní fisiceacha iad, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (50)(b), de Rialachán (AE) 600/2014.
‘XFPH’	Bratach idirbhirt malartaithe le haghaidh sócmhainní fisiceacha	RM, MTF, OTF, APA	Malartú le haghaidh sócmhainní fisiceacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (48), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.
‘CANC’	Bratach chealúcháin	RM, MTF, OTF, APA	I gcás ina ndéantar idirbheart a foilsíodh roimhe seo a chealú.
‘AMND’	Bratach leasúcháin	RM, MTF, OTF, APA	I gcás ina leasaítear idirbheart a foilsíodh roimhe seo.
‘PORT’	Bratach trádála punainne	RM, MTF, OTF, APA	Idirbheart i gcúig ionstraim airgeadais éagsúla nó níos mó i gcás ina mbíonn na hidirbhearta sin á dtrádáil an tráth céanna ag an gcliant céanna agus in aghaidh praghas birt aonair agus nach ‘idirbheart pacáiste’ é mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (50), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

‘MTCH’	Bratach trádála bhunairgid mheaitseáilte	RM, MTF, OTF, APA	Trádáil bhunairgid mheaitseáilte mar a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (38), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁵ .
‘NEGO’	Bratach idirbhirt réamhshocráithe	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta a dhéantar a chaibidlíú go príobháideach ach a thuairiscítear faoi rialacha ionaid trádála.

’.

⁵ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lgh. 349-496, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj>).

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 1:

‘1. Treoracha chun críoch na hIarscríbhinne seo

1. Tagraíonn an tagairt do mhéid eisiúna bannaí gan íoc i dTábla 2.2 do luach iomlán na mbannaí a eisíodh agus atá i seilbh infheisteoirí faoi láthair.
2. Ciallaíonn tagairt do ‘aicme sócmhainní’ tagairt do na cineálacha ionstraimí airgeadais seo a leanas: bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, díorthaigh urrúsaithe, díorthaigh ráta úis, díorthaigh chothromais, díorthaigh tráchtearraí, díorthaigh malairte eachtraí, díorthaigh chreidmheasa, díorthaigh C10, CFDanna, lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh lamháltas astaíochtaí.
3. Ciallaíonn ‘meánmhéid barúlach laethúil (ADNA)’ an méid barúlach iomlán le haghaidh ionstraim airgeadais ar leith arna chinneadh de réir an tomhais ar mhéid a leagtar amach i dTábla 4 d’Iarscríbhinn II agus a fhorghníomhaítear sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 13(2), arna roinnt ar an líon laethanta trádála sa tréimhse sin nó, i gcás inarb infheidhme, ar an gcuid sin den bhliain ar lena linn a ligeadh an ionstraim airgeadais isteach chun a trádála nó a trádáladh ar ionad trádála agus nár cuireadh ar fionraí ó thrádáil í.
4. Ciallaíonn ‘meánlíon laethúil trádálacha’ an líon iomlán idirbheart a forghníomhaíodh maidir le hionstraim airgeadais ar leith sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 13, arna roinnt ar an líon laethanta trádála sa tréimhse sin nó, i gcás inarb infheidhme, ar an gcuid sin den bhliain ar lena linn a ligeadh an ionstraim airgeadais isteach chun a trádála nó a trádáladh ar ionad trádála í agus nár cuireadh ar fionraí ó thrádáil í.
5. Ciallaíonn ‘todhchaíocht’ Conradh chun tráchtearra nó ionstraim airgeadais a cheannach nó a dhíol ar dháta ainmnithe amach anseo ar phraghas arna chomhaontú tráth thionscnamh an chonartha ag an gceannaitheoir agus ag an díoltóir. Tá téarmaí caighdeánacha ag gach Conradh todhchaíochtaí lena leagtar síos an íoschainníocht agus an íoscháilíocht is féidir a cheannach nó a dhíol, an méid is lú faoina bhféadfadh an praghas athrú, nósanna imeachta seachadta, dáta aibíochta agus saintréithe eile a bhaineann leis an gconradh.
6. Ciallaíonn ‘céadrogha’ Conradh lena dtugtar an ceart don úinéir, ach nach gcuirtear oibleagáid air leis, ionstraim airgeadais shonrach nó tráchtearra sonrach a cheannach (a ghlaoch) nó a dhíol (a chur) ar phraghas réamhchinntithe, ar phraghas ceangail nó ar phraghas feidhmithe, ar dháta áirithe amach anseo nó ar dháta feidhmithe áirithe nó suas go dtí an dáta sin.
7. Ciallaíonn ‘babhtáil’ Conradh ina gcomhaontaíonn dhá pháirtí sreafaí airgid a mhalartú in ionstraim airgeadais amháin ar dháta áirithe amach anseo.

8. Ciallaíonn ‘Babhtáil Punainne’ Conradh trínar féidir le húsáideoirí deiridh roinnt babhtálacha a thrádáil.
 9. Ciallaíonn ‘conradh réamhcheaptha’ nó ‘comhaontú réamhcheaptha’ comhaontú príobháideach idir dhá pháirtí chun tráchtarra nó ionstraim airgeadais a cheannach nó a dhíol ar dháta ainmnithe amach anseo ar phraghas arna chomhaontú tráth thionscnamh an chonartha ag an gceannaitheoir agus ag an díoltóir.
 10. Ciallaíonn ‘Roghtáil’ nó ‘Rogha ar bhabhtáil’ Conradh lena dtugtar an ceart don úinéir, ach nach gcuirtear oibleagáid air leis, dul isteach i mbabhtáil ar dháta áirithe amach anseo nó ar dháta feidhmithe áirithe nó suas go dtí an dáta sin.
 11. Ciallaíonn ‘todhchaíocht ar bhabhtáil’ Conradh todhchaíochtaí lena gcuirtear oibleagáid ar an úinéir dul isteach i mbabhtáil ar dháta áirithe amach anseo nó suas go dtí an dáta sin.
 12. Ciallaíonn ‘conradh réamhcheaptha ar bhabhtáil’ Conradh réamhcheaptha lena gcuirtear oibleagáid ar an úinéir dul isteach i mbabhtáil ar dháta áirithe amach anseo nó suas go dtí an dáta sin.’;
- (b) i roinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 2.2:

‘Tábla 2.2

Bannaí (gach cineál banna seachas ETCanna agus ETNanna) — aicmí nach bhfuil margadh leachtach acu

Cinnfear nach bhfuil margadh leachtach ag gach banna ar leith de réir Airteagal 6a má tá teaghlaim shonrach de shaintréithe bannaí mar a shonraítear i ngach ró de na táblaí thíos mar shaintréith aige.

Bannaí ceannasacha agus bannaí poiblí eile

Aitheantóir Grúpa	Aitheantóir MiFIR	Cineál banna	Eisitheoir nó tír an eisitheora	Aibíocht iarmhair	Cineál cúpóin	Méid eisiúna gan íoc
	RTS2#3	RTS2#9	Tír an eisitheora a thuairiscítear faoin réimse ‘Eisitheoir nó oibreoir aitheantóir ionaid’ de Rialachán	An t-am atá fágtha go dtí an dáta aibíochta a thuairiscítear faoin réimse RTS23 ‘Dáta aibíochta’	An tríú litir de chód CFI a thuairiscítear faoi réimse RTS23 ‘Aicmiú ionstraime’	Réimse RTS23 ‘Méid ainmniúil iomlán arna eisiúint’ arna chomhshó go EUR

			Tarmligthe ón gCoimisiún 2017/585 ⁶ (‘RTS23’)			
G1	BANNA	EUSB Ciallaíonn EUSB banna nach banna in-chomhshóite ná banna faoi chumhdach é arna eisiúint ag eisitheoir ceannasach: (a) an tAontas; (b) Ballstát, lena n-áirítear roinn rialtais, gníomhaireacht nó meán sainchuspóireach de chuid Ballstáit; (c) i gcás Ballstát feidearálach, comhalta den chónaidhm; (d) meán sainchuspóireach le haghaidh roinnt Ballstát; (e) institiúid airgeadais idirnáisiúnta arna bunú ag dhá Bhallstát nó níos mó agus a bhfuil de chuspóir aici cistiú a shlógadh agus cúnamh airgeadais a sholáthar chun sochair a comhaltaí a bhfuil fadhbanna móra airgeadais acu nó a bhfuil fadhbanna móra airgeadais ag bagairt orthu; (f) an Banc Eorpach Infheistíochta; (g) eintiteas ceannasach tríú tír.	Is Ballstát, na Stáit Aontaithe nó an Ríocht Aontaithe í an tír is eisitheoir; NÓ Is é an tAontas an t-eisitheoir; NÓ Is é an Banc Eorpach Infheistíochta an t-eisitheoir; NÓ Is institiúid airgeadais idirnáisiúnta é an t-eisitheoir arna bunú ag dhá	Suas le 10 mbliana, agus 10 mbliana san áireamh	F (cúpón seasta)	Níos lú ná EUR 5 000 000 000

⁶ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/585 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeán teicniúla rialála le haghaidh na gcaighdeán agus na bhformáidí sonraí le haghaidh sonraí tagartha ionstraime airgeadais agus bearta teicniúla i ndáil le socruithe atá le déanamh ag an Udarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus ag na húdaráis inniúla (IO L 87, 31.3.2017, lch. 368, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/585/oj).

			Bhallstát nó níos mó agus a bhfuil de chuspóir aici cistiú a shlógadh agus cúnamh airgeadais a sholáthar chun sochair a comhaltaí a bhfuil fadhbanna móra airgeadais acu nó a bhfuil fadhbanna móra airgeadais ag bagairt orthu.			
G2	BANNA	EUSB nó OEPB Ciallaíonn OEPB banna nach banna in-chomhshóite ná banna faoi chumhdach é arna eisiúint ag eintiteas poiblí nach eisitheoir ceannasach é.	Aon ionstraim nach bhfuil in G1			Níos lú ná EUR 1 000 000 000

Bannaí corparáideacha, bannaí in-chomhshóite agus bannaí eile

Aitheantóir Grúpa	Aitheantóir MiFIR	Cineál banna	Airgeadra	Rátáil chreidmheasa	Méid eisiúna gan íoc
	RTS2#3	RTS2#9	Airgeadra na hionstraime arna thuairisciú faoin réimse		Réimse RTS23 'Méid ainmniúil iomlán arna eisiúint' arna chomhshó go

			RTS23 'Airgeadra barúlach 1'		EUR
G3	BANNA	CRPB, CVTB nó OTHR Ciallaíonn CRPB banna nach banna in-chomhshóite ná banna faoi chumhdach é agus ar banna é arna eisiúint ag cuideachta Eorpach a bhunaítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle⁷ nó ag cineál cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II a ghabhann le Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ nó ag cuideachta choibhéiseach i dtríú tíortha. Ciallaíonn CVTB ionstraim arb éard atá inti banna nó ionstraim fiachais urrúisithe a bhfuil díorthach leabaithe inti, amhail rogha an cothromas bunúsach a cheannach.	EUR, GBP, USD	Grád infheistíochta	Níos lú ná EUR 500 000 000
G4	BANNA	CRPB, CVTB nó OTHR	Aon ionstraim nach bhfuil in G3		Níos lú ná EUR 500 000 000

⁷ Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 maidir leis an Reacht um Chuideachta Eorpach (SE) (IO L 294, 10.11.2001, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2001/2157/OJ>).

⁸ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/OJ>).

Bannaí faoi chumhdach

Aitheantóir Grúpa	Aitheantóir MiFIR	Cineál banna	Méid eisiúna gan íoc
	RTS2#3	RTS2#9	Réimse RTS23 ‘Méid ainmniúil iomlán arna eisiúint’ arna chomhshó go EUR
G5	BANNA	CVDB Ciallaíonn CVDB bannaí faoi chumhdach dá dtagraítear in Airteagal 52(4) de Threoir 2009/65/CE	Níos lú ná EUR 500 000 000

’;

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Ranna 4 go 11:

‘4. Díorthaigh arna dtrádáil ar an malartán

Tábla 4.1

Díorthaigh chothromais – cinneadh leachtachta, raonta meánmhéid bharúlaigh laethúil, tairseach LIS réamhthrádála, agus córas iarchurtha

Aitheantas Aicme	Aicme	Chun tairseacha LIS réamhthrádála agus tairseacha méide idirbhirt a chinneadh, déanfar gach aicme a dheighilt a thuilleadh ina bhfo-aicmí, mar a shainmhínítear thíos	Cinneadh leachtachta	Raonta meánmhéid bharúlaigh laethúil	Tairseacha LIS réamhthrádála	Tairseacha méide idirbhirt (os a gcionn nó cothrom leo)		
						Tairseacha iarthrádála meánmhéide	Tairseacha iarthrádála mórmhéide	Tairseacha iarthrádála de mhéid an-mhór

EQ1	Roghanna stoc-innéacs	Saineofar fo-aicme roghanna stoc-innéacs leis na critéir dheighilte seo a leanas: Critéar deighilte 1 - innéacs stoic foluiteach	Leachtach	ADNA < EUR 100 m	EUR 25 000	EUR 1 000 000	EUR 1 500 000	EUR 3 000 000
				EUR 100 m <= ADNA < EUR 200 m	EUR 3 000 000	EUR 25 000 000	EUR 30 000 000	EUR 60 000 000
				EUR 200 m <= ADNA < EUR 600 m	EUR 5 500 000	EUR 50 000 000	EUR 55 000 000	EUR 110 000 000
				ADNA >= EUR 600 m	EUR 20 000 000	EUR 150 000 000	EUR 160 000 000	EUR 320 000 000
